

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí
as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

01 AIBREÁN 2021



RANGANNA DAMHSA ACLAÍOCHTA

Tá ranganna damhsa aclaíochta á reáchtáil ag Oifig Pleanála Teanga Chois Fharráige. Cuirfear tús leis na ranganna ar an Luan 12 Aibreán @ 7i.n. Deis damhsa le ceol comhaimseartha agus píosa spraoi trí mheán na Gaeilge a bheas ann faoi stiúir Chiara Ní Loingsigh - damhsóir proifisiúnta le taithí aici ar ranganna damhsa a mhúineadh ar Zoom. Más mian leat páirt a ghlacadh sna seisiúin, déan teagmháil linn ag optchoisfharráige@gmail.com nó ag 0830106294 le spás a chur in áiríthe. Is imeacht saor in aisce é seo!



AN SAOL OIBRE

Tá cúrsa **An Saol Oibre** á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge. Cuirfear tús leis ar an Mháirt 6 Aibreán @ 5i.n. Beidh raon leathan ábhar á bplé mar chuid den chúrsa - eagraíochtaí Gaeilge, foilsitheoireacht, iriseoireacht, An tAontas Eorpach agus ábhair eile nach iad. Deirdre Ní Choistín as an Spidéal agus Áine Ní Bhreisleáin a bheidh i mbun cainte an chéad sheachtain. Is féidir clárú ag www.cnag.ie/gairmeacha



LAOCH NA NÓG

D'fhoilsigh **Molscéal**, i gcomhpháirt le **hEalaín na Gaeltachta** físeán álainn le gairid mar chuid den tsraith Laoch na nÓg. Tugadh léargas ar an gceoltóir breá Sonnaí Choilm Learraí Ó Conghaile ó Na Corra Bhuí sna hOileáin. Míniúnn Sonnaí an ról atá ag an gceol agus an damhsa ina shaol féin, an dúil atá aige ann agus an tábhacht a bhaineann leis an gceol a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Feictear clann Sonnaí in éineacht leis sa bhfíseán, a mhic Micheál agus PJ, agus a gharchlann Rónán, Ríona agus Aoife. Sí Aoife Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga Chois Fharráige. Is féidir breathnú ar an bhfíseán ar an gcuntas Facebook: [Molscéal](https://www.facebook.com/molscéal).



TEACHTAIREACHTAÍ NA CÁSÇA

D'fhoilsigh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** fógra tábhachtach le gairid le deimhniú nach gcuirfeadh an coróinvíreas bac ar Choinín na Cásca agus an jab tábhachtach atá aige ar Dhomhnach Cásca! Chomh maith le sin, tá ábhar á sholáthar ag Tuismitheoirí na Gaeltachta le go mbeifear in ann tóraíocht uibheacha Cásca a dhéanamh sa mbaile. Is féidir teacht ar an ábhar ar Facebook: [Tuismitheoirí na Gaeltachta](https://www.facebook.com/tuismitheoiri-na-gaeltachta).



GRADAM JOE STEVE

Tá **Gradam Joe Steve**, comórtas nua do dhráma raidió de chuid **Fíbin** i gcomhar le **Raidió na Gaeltachta** buaite ag Eoin Ó Dubhghaill, drámadóir óg as an gCoill Rua Thoir in Indreabhán. Tá *Rún* bunaithe ar an gcaidreamh atá idir athair agus mac agus tagraíonn sé don bhéaloideas a bhaineann le róna agus a gceangal le muintir Uí Chonghaile. Fuair Eoin cabhair agus é i mbun oibre ar an dráma ón aisteoir agus scríbhneoir cumasach Bríd Treasa Ní Ghaoithín, a bhfuil taighde déanta aici féin ar an ábhar. Bronnfar €500 ar Eoin agus bronnfar dhá dhuais thánaisteacha ar bheirt dhrámadóirí eile a ainmníodh ar an ngearrliosta - Seán Ó Dubhchon agus Suzanne Colleary. Craolfar na drámaí maidin Luan Cásca @ 9:15r.n. ar RTÉ Raidió na Gaeltachta chomh maith le hagallaimh ghearra leis na drámadóirí. Rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta, **Údarás na Gaeltachta** agus **An Taibhdhearc** urraíocht ar an nGradam. Comhghairdeachas a Eoin!

FOLÚNTAS AG EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá Comhordaitheoir sna hEalaín Dúchasacha don Óige ag teastáil ó **Ealaín na Gaeltachta**, le saoire mháithreachais a chlúdach. Ní mór iarratas agus CV a sheoladh chuig ealain@udaras.ie le cur isteach ar an bpost. 'Sé an Aoine 9ú Aibreán @ 4i.n. an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh.



FOLÚNTAS AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá scoláireacht, a mhairfidh suas le dhá bhliain, á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta le oiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil sa réimse bainistiú maoine nó innealtóireachta. Beidh an duine a cheapfar ag oibriú i dtreo cairtghostú a fháil le hInnealtóirí na hÉireann. Is féidir iarratas agus CV i nGaeilge a sheoladh chuig foluntas@udas.ie nó chuig An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe roimh an Mháirt 6ú Aibreán.

COMÓRTAS EALAÍNE NA CÁSCA

Tá comórtas ealaíne na Cásca á reáchtáil ag **Óige na Gaeltachta Muintearas Teo**. Ní mór cárta Cásca a dhéanamh nó ubh Cásca a phéinteáil agus pictiúr díobh a sheoladh chuig d'Oifigeach Óige áitiúil. Tá dhá chatagóir ann: 6-8 mbliana d'aois agus 9-12 bhliain. Bronnfar bosca ealaíne agus t-léine Chúla 4 ar na buaiteoirí. Is féidir sonraí an chomórtais a fháil ar an leathanach Facebook: **Óige na Gaeltachta Muintearas Teo** Go n-éirí go geal libh, a chairde!



AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Béal an Phobail ar an Máirt 6ú Aibreán @ 7:30i.n. ar Zoom. Joe Ó Beirn a bheas i mbun cainte ar an Máirt agus plandaí a choinneáil slán ó chaoraí a bheas á phlé aige. Roinnfidh Joe a chuid saineolais, nodanna agus deachomhairle maidir leis an ngné seo den gharraíodóireacht. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Joe chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Le freastal ar an ócáid ní mór teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com le clárú, roimh meánlae ar an Luan 5ú.

AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH
SRAITH CAINTEANNA AR LÍNE FAOI GHARRAÍODÓIREACHT
AGUS AN DÚLRA

ÓCÁID I GCUIMHNE AR JOE STEVE Ó NEACHTAIN

Tá ócáid chuimhneacháin ar líne i gcuimhne ar an aisteoir, drámadóir, scríbhneoir agus gníomhaí pobail, Joe Steve Ó Neachtain á reáchtáil ag Oireachtas na Gaeilge i gcomhpháirt le hAontas na Scríbhneoirí Gaeilge. Beidh an ócáid ar siúl ar an gCéadaoin 7 Aibreán, ag a 8 i.n



Beidh neart de phobal Cois Fharraige páirteach san ócáid: muintir Joe féin, muintir Bhaile 'n Droichid, muintir Ros na Rún agus Aisteoirí an Spidéil ar chuid acu. Is ar láithreán an Oireachtais, www.antoireachtas.ie, a chraolfar an ócáid. Beidh sé le fáil beo ar leathanach Facebook an Oireachtais chomh maith: Oireachtas na Gaeilge.

COMHARHAÍ COVID



Tháinig Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige le chéile le hOifigigh Pleanála Teanga an Iarthair agus na Mí le comharthaí COVID a ordú le bronnadh ar ghnóthaí Chois Fharraige. Dearadh thar a bheith simplí agus éifeachtach atá ann - feiliúnach do dhaoine fásta agus gasúir. Má tá suim agat comharthaí a fháil le haghaidh do ghnó, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com nó is féidir glaoch a chur orainn ag 0830106294.

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i **Scéal, Scéal, Scéal...** is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!

COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA

Tá **Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021** á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann! Ní gá rith, is féidir siúl freisin! Cuirfear tús leis an gcomórtas ar an 5ú Aibreán agus mairfidh sé go dtí an 3ú Bealtaine. Bronnfar Corn Raidió na Gaeltachta agus €200 ar an gceantar a n-éireoidh leis an míleáiste is mó a bhaint amach! 67 rannpháirtí a bheidh ag rith agus ag siúl ar son Chosa Fharraige, sin foireann Chois Fharraige. Is fada linn go dtosóidh sé!

